An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Baile

Dúshlán Seicliosta

Is maith le buirgléirí deiseanna éasca. Más gá dóibh an-chuid torainn a dhéanamh, a lán ama a chaitheamh nó má tá baol ann go bhfeicfear iad, chuile sheans beo nach mbacfaidh siad leis. Is riail ordóige é ná an tástáil moille 3 nóiméad. Más féidir leat iontráil a shéanadh ar feadh trí nóiméad nó níos mó – chuile sheans beo go rachaidh na buirgléir in áit eile. Líon an suirbhé simplí slándála baile seo isteach chun a chinneadh cé chomh maith is atá do bhaile daingnithe i gcoinne buirgléireachta. Scaoil thar cheisteanna nach bhfuil ábhartha do do bhaile.

Cuimhnigh air seo, bíonn gach freagra ***Ní hea*** ina bhagairt do do slándáil baile.

	Dóirse agus Fuinneoga	Sea	Ní hea
1	An bhfuil na dóirse seachtracha ar fad feistithe go cuí agus treallamhaithe le córais glasála cuí daigh-nithe? (is é sin glais moirtíse 5-luamhán do dhoirse adhmaid, glasáil ilphointí do dhoirse PVC neamhphlaistithe agus mar sin de)	❑	❑
2	Má bhíonn dóirse panéalta gloine agat – an bhfuil siad treisithe ar bhealach éicint ionas nach féidir leo a bhriseadh?	❑	❑
3	An bhfuil breathnóirí leathan-uilleach do thulbhealach isteach / I do phríomhbhealach isteach ó thaobh na ndóirse de nó bealaí eile chun daoine a dtugann cuairt ar an dteach a fheiceáil?	❑	❑
4	An bhfuil slabhra dorais agat / teorantóir feistithe agat agus an n-úsáideann tú é?	❑	❑
5	Ó d'aistrigh tú isteach i do theach cónaithe (san áit arbh fhéidir le sealbhóir tí a bheith ann roimhe seo) an raibh na glais athraithe?	❑	❑
6	Bhfuil do chuid eochracha sparáilte agat in éindí le comharsa muiníneach gan iad a fhágáil choíche ná go deo faoi bhun mata seachtrach, pota blátha agus mar sin de	❑	❑
7	An gcuireann tú do chuid dóirse seachtracha faoi ghlas nuair a bhíonn tú ar shiúl ó do theach cónaithe, is cuma cé chomh gearr is atá an t-am?	❑	❑
8	An gcuireann tú na dóirse faoi ghlas atá as radharc nuair a bhíonn tú ag obair sa gharraí / sa chlós?	❑	❑
9	Ar chuir tú isteach aon ghlais breise ar do dhoirse sleamhnaithe /dóirse sleamhnáin?	❑	❑
10	An féidir leat do gharáiste / do dhoirse fhothí a dhúnadh?	❑	❑
11	An bhfuil do dhoirse gharáiste / fhothí cosanta le glais cáilíochta nó le boltaí caocha?	❑	❑
12	An ndúnann tú nó an gcuireann tú dóirse do gharáiste faoi ghlas?	❑	❑
13	An bhfuil do chuid fuinneoga ar fad daingnithe?	❑	❑
14	An féidir le hoscailtí fuinneoga a bheith srianta d'aeráil?	❑	❑
15	An seiceálann tú chun a fheiceáil go bhfuil na fuinneoga go léir daingnithe nuair a fhágann tú do theach cónaithe?	❑	❑

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Slándáil taobh istigh

		Sea	Ní hea
1	An gcuireann tú ceist mar gheall ar aitheantas sula scaoileann tú fir seirbhíse /cuairteoirí neamhaithnid isteach i do theach cónaithe?	❑	❑
2	An seachnaíonn tú airgead tirim a fhágáil sa bhaile?	❑	❑
3	An bhfuil amadóirí uathoibríocha agat ar roinnt soilse nuair a bhíonn do theach folamh?	❑	❑
4	An mbreathnaíonn do theach cosúil le go bhfuil duine sa bhaile?	❑	❑
5	An bhfuil do sraithuimhreacha ar do chuid earraí luachmhara taifeadtha agat?	❑	❑
6	An ndearna tú grianghraf, chun críocha aitheantais, de do chuid earraí luachmhara go háirithe earraí nach bhfuil aon sraithuimhir agat dóibh ar nós seoda, soithí poirceallain, criostal, pictiúirí, seandachtaí agus mar sin de?	❑	❑
7	An bhfuil do chuid eochracha chairr / tí coinnithe in áit nach bhfuil sofheicthe ón taobh amuigh?	❑	❑

Slándáil taobh amuigh

		Sea	Ní hea
1	An bhfuil uimhir do thí sofheicthe ón tsráid?	❑	❑
2	An bhfuil soilsiú go leor thart timpeall ar do theach cónaithe chun cigireacht a cheadú ar na ceantracha dorcha atá mórthimpeall air?	❑	❑
3	An bhfuil soilsiú seachtrach go leor taobh amuigh de gach doras chun cuairteoirí a shoilsiú?	❑	❑
4	An bhfuil radharc glan ag comharsana agus ag daoine atá ag dul thar bhráid do theach cónaithe?	❑	❑
5	Ar ghearr tú na fáil agus na toir ar fad sa gcaoi is nach féidir leo buirgléir atá ag obair ar na fuinneoga nó doirse a cheilt?	❑	❑
6	Ar shiúil tú riamh mórthimpeall do thí ag iarraidh bealaí a d'fhéadfadh le buirgléir a fháil isteach a aimsiú?	❑	❑
7	An gcoinníonn tú uirlisí nó dréimirí agus mar sin de in áiteanna inrochtana do bhuirgléirí féideartha?	❑	❑
8	An bhfuil innill, uirlisí agus earraí ard-luachmhara stóráilte, glas faircín nó slabhra curtha orthu i ngaráistí nó i mbotháin go daingean chun aistriú a chosc?	❑	❑
9	An bhfuil do bhóthán /do gharáiste daingnithe agat?	❑	❑

Slándáil Saoire

		Sea	Ní hea
1	An bhfuil comharsa muiníneach agat gur féidir leat do chuid pleananna taistil a thabhairt le fios dó nó dí agus eochair a thabhairt dóibh, le hiarratas ar sheiceáil tréimhsiúil an tí?	❑	❑
2	An mbailíonn comharsa do chuid poist nó na nuachtáin nuair a bhíonn tú ar shiúl nó an mbaineann tú úsáid as Mailminder de chuid An Post?	❑	❑
3	An gcuireann tú na seachadtaí ar fad ar ceal?	❑	❑
4	An bpáirceálann do chomharsa a charr eile i do chabhsán nuair a bhíonn tú ar shiúl ó do bhaile?	❑	❑
5	An socraíonn tú d'fhaiche a bheith gearrtha agat?	❑	❑
6	An gcuireann tú neamhláithreacha fada ó do theach cónaithe in iúl do na Gardaí?	❑	❑

Slándáil Leictreonach

		Sea	Ní hea
1	An bhfuil córas aláraim ionróra feistithe agat agus an n-úsáideann tú é?	❑	❑
2	An gcomhlíonann sé leis an nGnáth Caighdeán Eorpach EN 50131?	❑	❑
3	An bhfuil sé á chothabháil agus á sheirbhísiú go bliantiúil?	❑	❑
4	An feasach duit Polasaí Aláraim reatha Ionróra de chuid an Gharda Síochána?	❑	❑
5	An eol duit cén chaoi feidhmeanna don chóras aláraim a oibriú agus a úsáid?	❑	❑
6	Ar smaoinigh tú ar é a nascadh le hionad monatóireachta nó le do fhón póca?	❑	❑
7	An bhfuil sealbhóir(í) eochrach ceaptha agat agus an bhfreagróidh siad go cúí do ghníomhú aláraim?	❑	❑